BILEOG FHAISNÉISE DO SCOILEANNA, DO CHOLÁISTÍ AGUS DO LÁRIONAID OIDEACHAIS AR AN BHFLIÚ A(H1N1)v

Tugann an bhileog fhaisnéise seo roinnt eolais ghinearálta ar an bhFliú A(H1N1)v (a rinneadh tagairt dó cheana mar Fhliú Muice) agus déanann sí déileáil le ceisteanna d'fhéadfadh éirí laistigh de scoil, de choláiste nó de lárionad oideachais. Tugann sí comhairle, ach go háirithe , ar cad is féidir a dhéanamh chun cosc a chur le scaipeadh an Fhliú agus cad ba chóir a dhéanamh má fheictear go bhfuil airíonna fliú ag cur isteach ar mhic léinn tráth iad ar scoil nó ar choláiste nó ar lárionad oideachais (tagairt dó feasta mar scoil/coláiste) Déanfar an cháipéis seo a nuashonrú chun déileáil le ceisteanna eile d'fhéadfadh éirí nó mar a chomhairleoidh na hÚdaráis Sláinte.

Cad is fliú A (H1N1)v *ann?*

Sórt fliú é an fliú A(H1N1)v. Tá sé mar údar ghalar ríospráide i ndaoine, i muca agus in éanlaith. An cineál reatha Fliú A(H1N1)v, is cineál é a bhain ar an gcéad dul; síos le muca. Go dtí seo, de ghnáth, do bhuail an Fliú A(H1N1)v na daoine sin a bhí i ngartheagmháil le muca ach is féidir leis an bhfliúvireas A(H1N1)v scaipeadh ó dhuine go duine, mar a taispeánadh go nuige seo. Tá athrú tagtha anois ar an vireas agus is féidir leis léim go furasta ó dhuine go duine. Paindéimeach Fliú an ainm atá air anois de bhrí go ndéanann sé ionsaí ar dhaoine as ceithre hairde na cruinne.

An bhfuil riachtanas ar bith ann faoi láthair ar scoileanna/coláistí dúnadh?

Ba chóir do scoileanna/coláistí feidhmiú mar is gnách dóibh mura gcomhairlíonn an Roinn Sláinte Phoiblí áitiúil i bhFeidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (*HSE*) gan déanamh amhlaidh. Déan tagairt do http://www.dohe.ie nó do http://www.hpse.ie chun teacht ar an treoir is déanaí maidir lena leithéid.

Cad iad na hairíonna a bhaineann leis an bhFliú A(H1N1)v?

Tá airíonna an Fhliú A(H1N1)v cosúil leis na hairíonna a bhaineann leis an ngnáthfhliú séasúrach daonna agus san áireamh cuimsíonn sé ionsaí tobann maidir le fiabhras, tuirse, casachtach, scornach tinn, sileadh sróine, tinneas cinn agus pianta sna géaga nó sna hailt. Tá roinnt daoine ann a rinne urlacan agus buinneach a thuairisciú nuair a bhuail an fliú A(H1N1)v iad. Duine ar bith a mbeidh a leithéid d'airíonna orthu, moltar dóibh fanacht sa bhaile. Ba chóir dóibh a leithéid a chur in iúl ar an **Líne Shaorghlao 1800 94 11 00 um Fhaisnéise Fhliú den *HSE*** nó féachaint ar www.swineflu.ie chun comhairle a fháil ar an gcéad rud eile le déanamh. Má bhíonn siad buartha faoi, ba chóir dul i gcomhairle ar an teileafón leis an dochtúir nó leis an dochtúir uaineach.

Na mic léinn sin a d'fhill abhaile le déanaí ó thíortha thar lear, an cóir iad a choinneáil as scoil / coláiste?

Ni cóir. Feadh iad a bheith sláintiúil agus gan airíonna fliú ag cur as dóibh, níl fáth ar bith ann na leanaí sin a choinneáil as scoil / coláiste agus is féidir leo feidhmiú mar is gnáth dóibh. Ba chóir dóibh, mar sin féin, bheith aireach faoi airíonna an fhliú agus tháth comhartha na hairíonna sin orthu don chéad uair, ba chóir fanacht sa bhaile agus a leithéid a chur in iúl ar an **Líne Shaorghlao 1800 94 11 00 um Fhaisnéise Fhliú den *HSE*** nó féachaint ar www.swineflu.ie chun comhairle a fháil ar an gcéad rud eile le déanamh. Má bhíonn siad buartha faoi, ba chóir dul i gcomhairle ar an teileafón leis an dochtúir nó leis an dochtúir uaineach.

Cad ba chóir a dhéanamh má thagann airíonna an fhliú ar mhac léinn agus an duine sin ar scoil / coláiste?

Má thagann airíonna ar nós an fhliú / Breoiteacht ar Nós an Fhliú (*ILI*) ar mhac léinn agus an duine sin ar scoil / coláiste, ba chóir eagair a dhéanamh an mac léinn a bhreith abhaile. Sa chás gur aosach an mac léinn, ba chóir e/í a chomhairliú a leithéid a chur in iúl ar an **Líne Shaorghlao 1800 94 11 00 um Fhaisnéise Fhliú den *HSE*** nó féachaint ar www.swineflu.ie chun

comhairle a fháil ar an gcéad rud eile le déanamh. Má bhíonn siad buartha faoi, ba chóir dul i gcomhairle ar an teileafón leis an dochtúir nó leis an dochtúir uaineach.

Más mionaoiseach an mac léinn, ba chóir na tuismitheoirí a chomhairliú mar ar luadh thuas. Tráth ag fanacht le dul abhaile, ba chóir an mac léinn a lonnú i réigiún oiriúnach, mar oifig bheag a bheadh scartha ó leanaí eile, ach go bhféadfaí súil a choimeád orthu chun a dheimhniú go bhfanfaidis sábháilte. Ní cóir don mhac léinn filleadh ar scoil / coláiste go dtí go mbeidh seacht lá thart ó chomhartha na n-airíonna don chéad uair.

Ní cóir gníomh ar bith eile a chur i bhfeidhm mura mbíonn cnuasach *ILI* le feiscint. Ina leithéid de chás ba chóir don scoil / coláiste comhairle a iarraidh ón Roinn Sláinte Phoiblí áitiúil d'Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (*HSE*).

Cad mar gheall ar mhac léinn a bhí ar scoil / coláiste agus go bhfuil as láthair ón scoil anois de thoradh airíonna fliú / ILI?

Má bhíonn an mac léinn as láthair de thoradh Breoiteachta ar Nós an Fhliú (*ILI*), ní cóir gníomh ar birth eile a chur i bhfeidhm ach amháin a dheimhniú nach bhfillfeadh siad ar scoil / coláiste go dtí go mbeadh seacht lá thart ó thosú na n-airíonna. Sa chás go dtarlóidh cnuasach *ILI* , ba chóir don scoil / coláiste comhairle a iarraidh ón Roinn Sláinte Phoiblí áitiúil.

Conas a bheidh fhios ag scoil / coláiste gur chóir dúnadh?

Ba chóir don scoil / coláiste fanacht ar oscailt mura gcomhairlíonn an Roinn Sláinte Phoiblí áitiúil do bhainistíocht na scoile dúnadh ar eagla na heagla.

Oifigí áitiúla na Roinne Sláinte Poiblí,(*HSE*), tá liosta díobh faoi iamh mar eolas duit ag http://www.hse.ie/eng/FindaService/PublicHealth/

Sa chás gur gá, i dtuairim na bainistíochta, gach aon scoil / coláiste nó roinnt díobh dúnadh, ní gá, mar is gnách, cead na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a fháil roimh ré. Ní gá do scoileanna / coláistí ach ghníomhú de réir mar a chomhairlíonn na húdaráis sláinte. Iarrtar ar scoileanna / coláistí áfach, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a chur in eolas um a luaithe sa chás go ndúntar an scoil de thoradh na comhairle a bhíonn ar fáil.

Trí theagmháil a choinneáil leis an tsláinte phoiblí, comhairleofar cathain is féidir an scoil / coláiste dul i mbun gnó.

Cad a tharlóidh má mholtar do thacar scoileanna / coláistí dúnadh nó go ndéanfar cinneadh go mba chóir gach aon scoil / coláiste sa tír dúnadh?

Sa chás go ndéanfar cinneadh, bunaithe ar chomhairle ón tsláinte phoiblí, gach aon scoil / coláiste nó raon scoileanna / coláistí a dhúnadh (agus sa chás go mbeidh an líon scoileanna / coláistí i gceist chomh líonmhar sin nach mbeadh sé indéanta teagmháil áitiúil ar leith a dhéanamh leo) déanfar an cinneadh maidir le dúnadh a fhógairt trí ráiteas do na meáin chumarsáide náisiúnta agus áitiúla a dhéanfar a thacú le eolas a sholáthrófar ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

An cóir do scoileanna / coláistí lean ar aghaidh agus imeacht ar thurasanna?

Níl fáth ar bith ann a chuirfeadh cosc ar scoileanna / coláistí lean ar aghaidh agus imeacht ar thurasanna sa tír seo agus thar lear, araon. Más thar lear an turas, molaimíd don scoil féachaint ar an eolas taistil is déanaí, más ann dó, ar láithreán gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha (www.dfa.ie) mar aon leis an gcomhairle ar láithreán greasáin na Roinne Sláinte agus Leanaí http://www.dohe.ie

Cad ba chóir duit déanamh má éiríonn mac léinn tinn ar thuras?

Má bhíonn na hairíonna comhsheasmhach leis an bhfliú

1. Ní mór dóibh a leithlisiú ó na mic léinn eile

2. Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí um a luaithe

3 Ba chóir eagair a chur i bhfeidhm chun an mac léinn a bhreith abhaile, más indéanta in aon chor é

4 Más dodhéanta a leithéid, ba chóir don dochtúir áitiúil an cás a mheas. Má chomhairlíonn an dochtúir gur cosúil gur cás é a oireann critéir an Fhliú A(H1N1)v, caithfidh an mac léinn fanacht i leithlis ar feadh seacht lá ó chomhartha na n-airíonna don chéad uair.

5. Más fíorbhreoite an mac léinn agus cúram leighis de dhíth ar an toirt, ba chóir a leithéid a chur in iúl ar an teileafón don dochtúir nó don ospidéal ROIMH theacht dóibh

6. Má chomhairlíonn an dochtúir gur cosúil nach cás é a oireann critéir an Fhliú A(H1N1)v, ba chóir na gnáthnósanna imeachta a chur i bhfeidhm a bhaineann le cúram mic léinn ar thuras.

Cén chomhairle atá ar fáil do thuismitheoirí maidir le freastal na mac léinn ar scoil?

Tráth na scoileanna / coláistí bheith ar oscailt, ba chóir do thuismitheoirí a gcuid leanaí a chur ar scoil / coláiste sa ghnáth slí, mura mbíonn airíonna ar bith den bhFliú A(H1N1)v ag cur as dóibh..

An féidir le scoil / coláiste dúnadh má bhíonn ardleibhéal neamhláithreachta foirne ann?

Na gnáthrialacha maidir le neamhláithreacht foirne, baineann siad freisin leis an bhFliú A(H1N1)v.

Is ar an údarás scoile / coláiste ar leith an dualgas an scoil a choinneáil ar oscailt nó í a dhúnadh sa chás go mbeadh bruth Fliú A(H1N1)v i gceist.agus de thoradh sin nach mbeadh foireann ar fáil de bharr tinnis. Sin é an scéal faoi láthair sa chás go mbeadh líon suntasach oidí as láthair de bharr tinnis nó de bharr tobann drochaimsire sa réigiún. Ní mór do gach aon scoil / coláiste inmharthanacht a mheas fanacht ar oscailt ag brath ar neamhláithreacht nó ar fáil foirne. Ba chóir a chur san áireamh, freisin, cad ba chóir a dhéanamh maidir leis na mic léinn sin i láthair sa scoil / coláiste roimh líon na n-oidí as láthair a bheith ar eolas go beacht. D'fhéadfadh tarlú mar sin go bhfanfadh an scoil / coláiste ar oscailt ar an lá i gceist trí fheidhm a bhaint as an bhfoireann a bheadh ar fáil. Ní bheadh le déanamh ag an bhfoireann ansin ach maoirseacht na mac léinn de bhrí nach bhféadfaí gnáthranganna a theagasc.

An cóir do scoileanna / coláistí maisc chosanta nó ábhair ghlanta a cheannach?

Níl riachtanas ar bith ag an am seo ar scoileanna / coláistí naisc chosanta nó sainábhair ghlanta nó glantóirí a cheannach. Ar ndóigh, caithfidh scoileanna / coláistí a dheimhniú go mbeidh áiseanna sásúla ar fáil le haghaidh ghlanadh lámha agus go ndéanfar áiseanna a ghlanadh go rianúil.

Ba chóir d'institúidí oideachasúla, chomh fada agus is féidir, gníomhartha laethúla a spreagadh agus a ghríosadh a chabhróidh le cosc a chur le scaipeadh geirmeacha a bhíonn de thionchar acu daoine a bheith cloíte ag galair ríospráide mar Fhliú A(H1N1)v. San áireamh

- Ba chóir do mhic léinn an béal agus an tsrón a chlúdach le páipéar síoda nuair a dhéanann siad casacht nó ligean sraoth. Mura mbíonn páipéar síoda ar fáil, ba chóir casacht nó sraoth laistigh den uillinn. Ní cóir do mhic léinn páipéar síoda a úsáid ach uair amháin agus é a chur de láimh ansin go tapa agus go cúramach, (is leor bosca bruscair) Eticiúil riospráide a leithéid de chleachadh. Is féidir bruscair, páipéar sioda san áireamh, a chur de láimh sa ghnáthshlí. Níl aire ar leith riachtanach maidir le a leithéid de bhruscar a láimhseáil.

- Ba chóir do mhic léinn a gcuid lámha a ní go minic le galúnach agus uisce.

- Déan cruadhromchlaí, mar bhoird oibre, cnaipí dorais etc. a ghlanadh le gnáthghlantóir líon tí de bhrí go bhféadfadh an vireas maireachtáil ar na dromhclaí sin.

Is féidir le scoileanna / coláistí aire mhaith a spreagadh, chun cosc a chur lena leithéid, trí phóstaeir ar eticiúil riospráide agus ar shláinteachas láimhe a chrochadh.

An fhreagairt ar phaindéimeach fliú, cén staid a bheidh aice i gcomhthéacs na dtreoracha pleanála ginearálta éigeandála?

Meabhraítear do scoileanna / coláistí an chomhairle a fuarthas ón Roinn sa bhliain 2004 maidir le deimhniú a dhéanamh go bhfuilid cuimsithe sa phlean éigeandála a bhain leis an gcreatlach a bunaíodh ina gcuid limistéar. Tá cóip d'imlitir na Roinne (*PBU* 04/04) faoi iamh agat.

http://www.education.ie/servlet/blobservlet/pbu04/04.doc

Is í an Roinn Sláinte Phoibli áitiúil (*HSE*) an eochair ghníomhaireacht maidir le comhairle a bhaineann leis an bpaindéimeach fliú agus, mar ar chomhairlíodh

cheana, déanfar roinnt mhaith cinntí, maidir le comhairle agus gníomhartha, a dhéanamh go háitiúil ag an bpearsanra ón oifig sin. Ina leithéid sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh d'eolas teagmhála ar fáil don Roinn Sláinte Phoiblí áitiúil, mura bhfuil a leithéid déanta cheana agat.

Cad a tharlóidh má bhíonn mac léinn dlite chun scrúdú Stáit a sheasamh agus a éiríonn tinn nó go bhfuil monatóireacht á déanamh ar eagla gur bhuail an fliú an mac léinn i gceist?

Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (*SEC*) eagair a chur i bhfeidhm gach aon bhliain chun déileáil le iarrthóirí a bhíonn tinn nó gortaithe nó sa chás nach mór mac léinn a leithlisiú ó mhic léinn eile. Áirítear sna heagair sin, más iomchuí iad, ionaid ar leith speisialta a bhunú d'iarrthóirí agus eagair a chur i bhfeidhm an scrúdú a sheasamh in ospidéal. Ina leith sin, sa chás go mbeadh mac léinn faoi sceideal an scrúdú Ardteistiméireachta nó scrúdú an Teastais Shóisearaigh a sheasamh, má aithnítear go bhfuil airíonna fliú A(H1N1)v air/uithi nó go bhfuil monatóireacht á déanamh air/uirthi mar cás amhrasach, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an *SEC* sa ghnáth slí mar aon le pé comhairle a tugadh don scoil ag na húdaráis sláinte.

Conas is féidir le scoil a choinneáil cothrom le dáta maidir le dul chun cinn san eolas?

Ba chóir do scoileanna agus do choláistí iad féin a choinneáil in eolas ar fhorbairtí maidir leis an bhFliú A(H1N1)v trí sheiceáil a dhéanamh ar na láithreáin ghréasáin atá ar fáil ag deireadh na bileoga seo.

Seicliosta d'eochairghníomhartha ba chóir a fheidhmiú ag Scoileanna agus Coláistí

(*Ní cóir glacadh leis an liosta seo mar liosta uileghabhálach ach mar comhlán do dhea-chleachtais reatha i scoileanna / coláistí maidir le*

***sláinte, sábháilteacht agus le sláinteachas agus mar nósanna imeachta chun tuismitheoirí agus mic léinn a chur in eolas faoi chinntí maidir le dúnadh scoileanna / coláistí a tharlaíonn gan choinne*)**

- Coinneáil cothrom le dáta maidir le comhairle ó na húdaráis sláinte
- Rinne Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte faisnéis a eisiúint ar an bhFliú A(H1N1)v chuig gach aon ;líon tí. sa tír. Is féidir le scoileanna / coláistí cur leis an an bhfaisnéis sin trí eolas beacht a fhorbairt i measc an chomhphobail scoileanna / coláistí
- Déan póstaeir ar shláinteachas láimhe agus ar eticiúil ríospráide a lonnú sa scoil / coláiste. Tá ábhar nuashonraithe mar aon le póstaeir chun cabhrú le gnéithe oideachasúla ar fáil ag http://www.hse.ie
- Bíodh airíonna an Fhliú A(H1N1)v ar eolas ag an bhfoireann agus ag na mic léinn (ag an dara leibhéal agus níos airde ach go háirithe) .
- Déan deimhin de go bhfuil an scoil mar chuid den phlean éigeandála le haghaidh na réigiún áitiúil. Féach Imlitir na Roinne *PBU*04/04.
- Déan liosta d'eochairtheagmhálacha a nuashonrú ar eagla go mbeadh dúnadh (mar aon le athoscailt)
- Déan na nósanna imeachta le haghaidh chumarsáid leis an bhfoireann agus leis na teaghlaigh a atnchóiriú ar eagla go mbeadh dúnadh iomlán nó páirteach.
- Aire a thabhairt do na heagair d'fhéadfadh bheith ag teastáil ó mhic léinn a mbeidh riachtanais speisialta uathu
- Déan plean a bhunú, más indéanta é, do neamhláithreacht foirne agus déan machnamh ar an leibhéal a bheadh riachtanach chun an scoil / coláiste dúnadh ceal leor foirne
- Sainaithin na heagair is gá chun aire a thabhairt do leanaí / mic léinn a mbeidh airíonna orthu agus iad ag fanacht le tuismitheoiri chun iad a bhreith abhaile

Cá bhfuil faisnéis sa bhreis ar fáil?

An fhaisnéis ar leith seo, a bhaineann leis na hinstitiúidí oideachasúla, déanfar í a choinneáil cothrom le dáta de réir mar a tharlóidh faisnéis sa

bhreis. Idir an dá linn, tá faisnéis sa bhreis agus cothrom le dáta ar fáil ó raon láithreán gréasáin eile. San áireamh tá:

An Roinn Sláinte agus Leanaí a sholáthraíonn comhairle agus faisnéis reatha agus rialta – **http://www.dohc.ie**

An Lárionad Faire um Chosaint Sláinte – **http://www.hpsc.ie**

Láithreán Gréasáin um Fhliú Muice d'Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte – http://www.swineflu.ie

Maidir le scoileanna, an staid ghinearálta maidir le oscailt agus dúnadh scoileanna, tá sí de réir mar atá leagtha amach in Imlitreacha na Roinne 11/95, M29/95, agus 107/2007. Tá na cóipeanna díobh greamaithe anseo.

An scoilbhliain chaighdeánach
http://www.education.ie/servlet/blobservlet/cl0107/2007.doc

Bunscoileanna
http://www.education.ie/servlet/blobservlet/PC11/95.doc

Iarbhunscoileanna
http://www.education.ie/servlet/blobservlet/m29/95.doc

Mar atá ar 31 Iúil 2009